**An Bord Iniúchóireachta**

**Cruinniú an 25 Márta 2022 trí Skype for Business**

I láthair: Seamus McCarthy (Cathaoirleach), An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Deirdre Quaid, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Shane Carton, Leas-Stiúrthóir na Lársheirbhísí, rúnaí an Bhoird Iniúchóireachta

1. **Glacadh leis an gclár oibre**

   Glacadh leis an dréachtchlár oibre mar a scaipeadh.

2. **Coinbhleachtaí leasa le tabhairt faoi deara**

   Níor tuairiscíodh aon choinbhleachtaí leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

3. **Miontuairiscí an chruinnithe roimhe, nithe ag d'éirigh as, agus an liosta gníomhartha**

   Aontaíodh miontuairiscí an chruinnithe a tionóladh an 5 Samhain 2021, faoi réir roinnt athruithe beaga, agus ceadaíodh iad lena bhfoilsiú ar inlíon agus suíomh Gréasáin na hoifige. Aontaíodh an liosta gníomhartha tar éis leasú a dhéanamh ar cheann de na spriocdhátaí.

4. **Rioscaí atá ag teacht chun cinn**

   Thug an Bord faoi deara go bhfuil méadú ginearálta ann sna rioscaí cibearshlándála a bhaineann le cúrsaí reatha san Úcráin. D'eisigh an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála comhairle ina gcuirtear in iúl gur gá d'eintitis Éireannacha bheith san airdeall faoi rioscaí a d'fhéadfaí teacht chun cinn. D'eisigh Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais meabhrúchán le déanaí chuig na baill foirne uile faoi na gníomhartha ar cheart dóibh iad a dhéanamh i gcás go bhfaigheann siad aon ríomhphoist amhrasacha nó neamhghnácha. Tá cur i láthair ó Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais faoi chúrsaí cibearshlándála ar áireamh i gclár gnó chomhdháil bhliantúil na hOifige i mí na Bealtaine 2022. Beidh an chéad iniúchadh faireachais eile i dtaca le deimhniú na hOifige faoi chaighdeán slándála faisnéise ISO 27001:2013 ar siúl i mí Aibreán 2022. Tá an oifig tar éis soláthraí seirbhíse seachtrach a fhostú chun clár athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánaí a dhéanamh thar thréimhse trí bliana, agus measúnú á dhéanamh ar chomhréireacht leis an ISO sin.

5. **An clár tuairiscithe (páipéar A)**

   Thug an Bord faoi deara an páipéar ina leagtar amach an dul chun cinn ar na 24 chaibidil bheartaithe den Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2021, chomh maith le 13 thuarascáil speisialta eile atá ar siúl faoi láthair. Thug an Bord faoi deara chomh maith go mbeidh caibidil eile le cur isteach ón uair a cuireadh an páipéar isteach i leith, rud a mhéadóidh go 25 cinn an líon caibidlí a bhfuiltear ag súil leo. Áiríodh leis an bpáipéar an t-eolas is deireanaí ar roinnt saincheisteanna a bhaineann le tuairisciú, lena n-áirítear uirlis ríomhfhoghlama a chur i bhfeidhm, fís a léiriú a bhaineann le tuarascáil fhoilsithe agus acmhainní a chur ar fáil don fheidhm tuairiscithe.

   Bhí plé gairid idir comhaltaí an Bhoird ar an leibhéal acmhainní atá leithdháilte ar an bhfeidhm tuairiscithe agus ar an treocht sa leibhéal sin le blianta beaga anuas. Leagtar amach sa tábla thíos an leithdháileadh acmhainní ar thuairisciú ag deireadh na dtrí bliana atá imithe thart – is mar a bhí siad ag an am ar leith sin atá na figiúirí atá léirithe agus, dá bhrí sin, ní hionann iad agus na hacmhainní a bhí ar fáil gach bliain.

| Acmhainní atá leithdháilte ar thuairisciú | Deireadh 2019 | Deireadh 2020 | Deireadh 2021 |
|---|---|---|---|
| Stiúrthóir | 0.6 | 0.6 | 0.7 |
| Leas-Stiúrthóir | 3.1 | 3.1 | 3 |
| Bainisteoir Iniúchóireachta | 10.1 | 8.9 | 10.2 |
| Iniúchóir | 6 | 8.8 | 8.9 |
| Duine faoi oiliúint | 8 | 5 | 1.8 |
| Iomlán | 27.8 | 26.4 | 24.6 |

**6. An clár iniúchóireachta airgeadais (páipéar B)**

Thug an Bord faoi deara an t-olltoradh deiridh maidir leis na táscairí feidhmíochta iniúchóireachta airgeadais con bhliain 2021. Tugadh faoi deara gur deimhníodh laistigh de 9 mí den bhliain chuntasaíochta ábhartha 97% (sprioc de 95%) d'iniúchtaí cuntais de réir láimhdeachais agus 66% (sprioc de 70%) d'iniúchtaí de réir lín sa bhliain 2020. Ag deireadh 2021, bhí 14 iniúchadh fós le deimhniú le haghaidh tréimhsí airgeadais a tháinig chun deiridh sa bhliain 2020. I gcás ceann amháin de na cliaint sin, bhí iniúchtaí le haghaidh na dtréimhsí airgeadais a tháinig chun deiridh sna blianta 2019 agus 2018 fós le deimhniú.

Fuair an Bord tuairisc chun dáta ó bhéal faoin dul chun cinn ar Teammate+ a nuashonrú. Cé go raibh roinnt dúshlán ann, táthar ag súil leis go mbainfear amach an dáta cur i bhfeidhm beartaithe i Ráithe 3.

Tugadh faisnéis don Bhord chomh maith faoi thorthaí na n-athbhreithnithe fuara a rinneadh le déanaí ar shampla de chomhaid iniúchóireachta le haghaidh tréimhsí airgeadais a tháinig chun deiridh sa bhliain 2019. Ba le leorgacht an doiciméadúcháin ar chomhaid iniúchóireachta a bhain an príomhréimse le haghaidh feabhais ar shainaithin na hathbhreithneoirí é. Chuir an tAonad Cáilíochta agus Caighdeán le chéile plean cur chun feidhme a bhí pléite ag an gcruinniú a bhí ag an mBord Bainistíochta i mí an Mhárta. Beidh sé i gceist le ceann de na príomhghníomhartha minicíocht na n-athbhreithnithe fuara amach anseo a mhéadú ionas go ndéanfaí iad gach bliain.

**7. Iniúchtaí nua/deiridh (páipéar C)**

D'aontaigh an Bord athrú beag amháin ar an tábla agus thug sé faoi deara na hiniúchtaí nua orthu seo:

- An Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún
- Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne: Lár Tíre An tIarthar Láir

Thug an Bord aird ar an bpáipéar ráithiúil ar athbhreithniú reachtaíochta. Ina dhiaidh sin, pléadh an soláthar agus go háirithe na cialla difriúla a bhaineann cliaint as saincheist an tsoláthair chomhiomlánaithe. Aontaíodh gur cheart don Oifig dul i dteagmháil leis an Oifig um Sholáthar Rialtais d'fhonn go soiléireodh sí na rialacha a bhaineann le comhiomlánú soláthair.

Pléadh an Bord na himpleachtaí féideartha a d'fhéadfaí a bheith ann don Oifig de bharr ról na hOifige um Nochtadh Cosanta atá beartaithe faoin mBille um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2021. Chuir an Oifig roinnt ábhar imní i leith an Achta in iúl don Ard-Aighne. Tugadh ar aird gur iarr an oifig ar na comhairleoirí dlí atá aici athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt pointí.

**8. An taifead nochtaí (páipéar D)**

Mhínigh an Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchta go bhfuil an taifead nochtaí á chur faoi bhráid an Bhoird de réir mar a ceanglaíodh faoin *Treoir agus nósanna imeachta maidir le nochtaí a dhéantar d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste* a athbhreithníodh le déanaí. Bhí sa pháipéar sonraí achoimre faoi na nochtaí a fuarthas le linn 2021. Thug an Bord an páipéar faoi deara.

Beidh athbhreithniú ar an taifead nochtaí ina bhuanmhír ar an gclár oibre ag cruinnithe an Bhoird Iniúchóireachta as seo amach. Ní bheidh sna páipéir as seo amach ach na nochtaí a mbeidh stádas ar oscailt acu.

**9. An tuarascáil gníomhaíochta idirnáisiúnta 2021 (páipéar E)**

Thug an Bord faoi deara an tuarascáil inar leagadh amach an t-idirchaidreamh a bhí ar bun ag an Oifig le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta le linn na bliana 2021.

Cuireadh an Bord ar an eolas faoin tsaincheist a bhaineann le spéir dhearbhaithe na hOifige i g cathaoirleacht a dhéanamh ar Fhochoiste Iniúchóireachta Feidhmíochta an Choiste um Chaighdeáin Ghairmiúla de chuid INTOSAI. Is dócha go ndaingneofar an chathaoirleacht ag INCOSAI XXIV i mí na Samhna 2022.

**10. An tuarascáil ar dhul chun cinn na straitéise agus an suirbhé ar aiseolas cliant (páipéir F agus F1)**

Phléigh an Bord an páipéar nuashonraithe straitéise agus thug sé aird ar an dul chun cinn a rinneadh ar na gníomhartha straitéiseacha. Aontaíodh go gcaithfí an páipéar a thabhairt os comhair an Bhoird dhá uair in aghaidh na bliana.

Chuir an Bord fáilte roimh an ráta freagartha maith a fuarthas don suirbhé ar aiseolas cliant agus thug sé ar aird torthaí comhiomlána an tsuirbhé, a bhí dearfach den chuid is mó. Thug an Bord faoi deara an plean gníomhartha lena n-áirítear gníomh leantach a dhéanamh leis an líon beag cliant a léirigh míshásamh i roinnt réimsí, chun a gcuid ábhar imní a thuiscint.

**11. An t-athbhreithniú ar an mbeartas 'Speak Up' (páipéir G agus H)**

Phléigh agus cheadaigh an Bord an beartas athbhreithnithe *Speak Up* don fhoireann. Cuirfear an beartas nua in iúl don fhoireann sna seachtainí atá romhainn agus beidh cur i láthair a bhaineann leis ag comhdháil bhliantúil na hOifige i mí na Bealtaine.

D'aontaigh an Bord freisin le moladh go mbeadh an Oifig ina ball den Chlár um Ionracas ag an Obair a reáchtálann Transparency International Ireland é.

**12. An tionscadal um bunachar sonraí achoimrí reachtaíochta (páipéar I)**

Thug an Bord aird ar an bpáipéar ina leagtar amach an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo ar an tionscadal chun bunachar sonraí reachtaíochta a fhorbairt le haghaidh gach ceann de na cuntais agus na heagraíochtaí faoi réir iniúchadh ag an Oifig. Tá an próiseas earcaíochta chun intéirneach dlí a earcú ar siúl. Thug an Bord aird ar dhá chéim chriticiúla den tionscadal, mar atá: bunachar sonraí atá cruinn agus cuimsitheach a fhorbairt; agus sásra athbhreithniúcháin a chur chun feidhme.

Tuairisceofar dul chun cinn an tionscadail don Bhord ar bhonn ráithiúil.

**13. Réamhchlár gnó an Bhoird Iniúchóireachta (páipéar J)**

Cheadaigh an Bord an páipéar ina leagtar amach dréachtchlár oibre le haghaidh na dtrí chruinniú eile atá le cur ar siúl sa bhliain 2022.

**14. Aon ghnó eile**

Tugadh ar aird go scaipfí an Tuarascáil ón Stiúrthóir Faireacháin agus Eitice 2021 agus Tuarascáil Feidhmíochta na hOifige don bhliain 2021 lena gceadú trí nós imeachta i scríbhinn roimh an gcéad chruinniú eile de chuid an Bhoird Iniúchóireachta.

Beidh an chéad chruinniú eile ar siúl Dé hAoine an 1 Iúil 2022.